# Cluichí Codán le Díslí



## Cogadh Codán

Oibreoidh daltaí i mbeirteanna. Beidh clár bán/páipeár agus dhá dísle ag teastáil do chuile bheirt. Tógfaidh said sealanna ag rolladh an dá dísle chun codáin a dhéanamh. Nuair a bhíonn na díslí rollta ag an mbeirt, oibríonn siad le chéile chun an codán is mó a oibriú amach. Is ionann an uimhir is lú ar na díslí agus an t-uimhreoir. Buann an duine leis an gcodán is mó, pointe. Má bhíonn an uimhir chéanna ar na díslí, buann an dalta sin pointe mar is ionann mar shampla $\frac{2}{2}$ agus aonad.

***Athrú:*** Suimigh nó iolraigh na codáin. Buann an chéad dalta leis an bhfreagra ceart pointe.

## Dúshlán Leaschodán

Oibreoidh daltaí i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga. Beidh clár bán/páipeár agus trí dísle ag teastáil do chuile bheirt/ghrúpa. Tógfaidh said sealanna ag rolladh na trí dísle chun leaschodáin a dhéanamh. Cuirfidh said dhá dísle in aice lena chéile chun an uimhreoir a dhéanamh agus seasfaidh an uimhir ar an dísle eile don ainmneoir. Ansin, déanfaidh said simpliú air chun slánuimhir nó uimhir mheasctha a dhéanamh.

Mar shampla, má rollann dalta 1, 3, 7 d'fheadfaí $\frac{13}{7} = 1\frac{6}{7}$ nó $\frac{37}{1} = 37$ nó $\frac{17}{3} = 5\frac{2}{3}$ a dhéanamh as na huimhreacha. An aidhm atá ann ná an codán is mó a dhéanamh.

***Athrú:*** Baineann daltaí úsáid as na díslí céanna chun slánuimhir nó uimhir mheasctha a dhéanamh. An t-am seo, seasann dísle amháin don slánuimhir, dísle eile don ainmneoir agus an dísle eile don uimhreoir mar shámpla $7\frac{1}{3} = \frac{22}{3}$ … $1\frac{3}{7} = \frac{10}{7}$